2024/1525

27.6.2024

CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 33/2024

an 2 Feabhra 2024

lena leasaítear Iarscríbhinn XI (Cumarsáid leictreonach, seirbhísí closamhairc agus an tsochaí faisnéise) a ghabhann le Comhaontú LEE [2024/1525]

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/444 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' ([1]), arna cheartú le IO L 68, 6.3.2023, lch. 182, tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/468 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 lena leasaítear Cinneadh 2007/116/CE a mhéid a bhaineann le huimhir choimeádta bhreise dar tús 116 a thabhairt isteach ([2]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XI a ghabhann le Comhaontú LEE, leasófar í mar a leanas:

1. Cuirtear an fhleasc seo a leanas i bpointe 5cx (Cinneadh 2007/116/CE ón gCoimisiún):

'— **32023 D 0468**: Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/468 ón gCoimisiún an 25 Samhain 2022 (IO L 68, 6.3.2023, lch. 96).'

2. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 5czsc (Rialachán Tarmligthe (AE) 2021/654 ón gCoimisiún):

'5czsd. **32023 R 0444**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/444 ón gCoimisiún an 16 Nollaig 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2018/1972 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le bearta chun rochtain éifeachtach ar sheirbhísí éigeandála a áirithiú trí chumarsáid éigeandála ar an uimhir aonair éigeandála Eorpach '112' (IO L 65, 2.3.2023, lch. 1), arna cheartú le IO L 68, 6.3.2023, lch. 182.'

Airteagal 2

Is téacsanna barántúla a bheidh i dtéacsanna Rialachán Tarmligthe (AE) 2023/444, arna cheartú le IO L 68, 6.3.2023, lch. 182, agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/468 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacsanna atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 3 Feabhra 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*), nó ar lá theacht i bhfeidhm Chinneadh Uimh. 275/2021 ó Chomhchoiste LEE an 24 Meán Fómhair 2021 ([3]), cibé acu is déanaí.

([1]) IO L 65, 2.3.2023, lch. 1.
([2]) IO L 68, 6.3.2023, lch. 96.
(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.
([3]) IO L …

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Feabhra 2024.

Thar ceann Chomhchoiste an LEE
An tUachtarán
Nicolas VON LINGEN